An Coimisiún Eorpach



# Cén tairbhe is féidir liomsa a bhaint as?

Gníomhaíocht AE ar fhostaíocht, gnóthaí sóisialta agus cuimsiú

*Eoraip Shóisialta*



**Nina, 31 bhliain d'aois, an tSualainn**

*"I ndiaidh seal a chaitheamh dífhostaithe, sheol mé gnólacht nuathionscanta aip taistil ach bhí deacracht agam fostaithe leis na scileanna cearta a aimsiú. Chuir tairseach post EURES ar mo chumas **daoine oilte a earcú** as áiteanna ar fud na hEorpa. Rud eile a chabhraigh go mór liom ba ea an **mhicri-iasacht** a fuair mé tríd an gclár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta. Ba mhór an cúnamh an méid sin sna laethanta tosaigh!"*

Cothaíonn **An Clár um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta** nuachóiriú na fostaíochta trasna AE agus tacaíonn sé le soghluaisteacht oibrithe trí úsáid a bhaint as **tairseach post EURES**. Má tá gnó beag agat, féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar mhicreachreidmheas nó ar mhaoiniú le haghaidh fiontair shóisialta.

- **ec.europa.eu/eures (cuardaitheoirí poist agus fostóirí)**
- **ec.europa.eu/social/easi**



**Tomasz, 19 mbliana d'aois, an Pholainn**

*"Nuair a d'fhág mé an ardscoil bhí deacrachtaí agam post a aimsiú. Chláraigh mé le Ráthaíocht don Aos Óg agus chabhraigh mo chomhairleoir gairme liom **clárú ar scéim printíseachta** ionas go bhféadfainn cáiliú mar dhearthóir grafaicí. Inniu tá conradh buan agam leis an gcuideachta chéanna. Chuala mé gur chláraigh cúpla cara liom leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach le déanaí, tionscnamh a thugann deis do dhaoine óga, **oibriú ar thionscadail dlúthpháirtíochta** trasna na hEorpa ar feadh 2-12 mhí."*

Cinntíonn **Ráthaíocht don Aos Óg** go bhfaigheann gach duine óg i dtíortha AE atá faoi bhun 25 bliana d'aois tairiscint ar phost, oiliúint leantach, printíseacht nó cúrsa oiliúna laistigh de 4 mhí ó bheith dífhostaithe nó ón gcóras oideachais a fhágáil. Beidh do sheirbhís fostaíochta i do thír in ann na deiseanna atá ar fáil duit a mhíniú duit.

**ec.europa.eu/social/youthguarantee**

Tugann an **Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach** cuireadh do dhaoine óga idir 18 agus 30 bliain d'aois, dul ag obair nó i mbun cúrsa oiliúna ina dtír féin nó thar lear chun tairbhe pobal agus daoine ar fud na hEorpa. An bhfuil spéis agat ina leithéid? Cláraigh ag:

**europa.eu/youth/solidarity_ga**



***Jeanne (52 bhliain d'aois) ag caint faoina mac Daniel (20 bliain d'aois), an Fhrainc***

*"Nuair a bhí 18 mbliana d'aois slánaithe ag mo mhac uathach, bhí na deiseanna a bheadh aige saol níos neamhspleáiche a chaitheamh mar aosach ag déanamh imní dom. A bhuíochas do thionscadal atá á mhaoiniú ag Ciste Sóisialta na hEorpa, ghlac Daniel ballraíocht in eagraíocht **a rinne measúnú ar a scileanna agus aimsíodh socrúchán oibre dó** le fostóir a bhfuil mioneolas ar uathachas aige. Chuir an t-eispéireas seo go mór lena mhuiníní is a bhí Daniel as féin agus anois tá an fhéidearthacht ann go dtairgfí post dó sa chuideachta chéanna nó i gcuideachta chosúil."*

Le 60 bliain anuas, tá cabhair tugtha ag **Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)** do na milliúin duine as gach cúlra dul i mbun athoiliúna nó post a aimsiú den chéad uair. Díríonn an Ciste go háirithe orthu siúd atá i mbaol eisiaimh shóisialta agus soláthraíonn sé deiseanna dóibh filleadh ar an ionad oibre. Chomh maith leis sin, infheistíonn CSE i ndeiseanna oideachais níos fearr agus tacaíonn sé le seirbhísí poiblí a fheabhsú chun tairbhe cuardaitheoirí poist, oibrithe agus cuideachtaí araon.

**ec.europa.eu/esf**

**Europass: cruthaigh do CV agus do phas teanga**
europass.cedefop.europa.eu

“Mar shaoránach AE **tá tú á chosaint ag rialacha AE** agus tá rochtain agat ar chearta, uirlisí agus tacaíocht nuair atá tú ag cuardach poist, ag bogadh thar lear nó ag cur tús le gairm nó le gnó nua. Tá na leibhéil dífhostaíochta san Eoraip ag titim inniu — ach tá tuilleadh fós le déanamh. Is é sin is cúis le **cinneadh AE infheistíocht i ndaoine agus i ngnóthaí a mhéadú** agus tá tionscnaimh cosúil leis an **gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí** bunaithe, tionscnamh atá mar bhonn le thart ar 500 000 deis printíseachta a thairiscint, agus **Ráthaíocht don Aos Óg**, tionscnamh atá tar éis cabhrú le 9 milliún duine óg dul i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna.”



**Marianne Thyssen**
An Coimisinéir Eorpach um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta, Scileanna agus Soghluaisteacht Oibrithe

**ec.europa.eu/social**

**Social Europe**

**@EU_Social**

**Europe Direct: 00 800 6 7 8 9 10 11**

# An tAontas Eorpach i do shaol laethúil

**Cearta oibrithe ráthaithe:** Cosnaíonn reachtaíocht fostaíochta AE sláinte agus sábháilteacht oibrithe mar aon le stop a chur le hidirdhealú san ionad oibre.

**Slándáil shóisialta is cuma cá bhfuil tú:** Comhordaíonn rialacha AE córais slándála sóisialta náisiúnta d'fhonn a chinntiú go bhfuil do chearta á gcaomhnú nuair atá tú ag gluaiseacht thart laistigh den Eoraip.

**Cúram sláinte ag gluaiseacht:** Féadfaidh saoránaigh tairbhe a bhaint as cúram sláinte éigeandála saor in aisce le linn dóibh a bheith thar lear san Eoraip a bhuíochas don Chárta Eorpach um Árachas Sláinte.

**Deiseanna níos fearr ar an margadh saothair:** Gach bliain, cabhraíonn Ciste Sóisialta na hEorpa le thart ar 15 mhilliún duine fostaíocht a aimsiú, nó a scileanna a fheabhsú ionas gur féidir leo fostaíocht a aimsiú amach anseo. Tacaíonn an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú le tionscadail a chabhraíonn le hoibrithe a ndearnadh iomarcaíocht orthu mar thoradh ar dhomhandú, post eile a aimsiú nó gnó a thosú.

**Scileanna níos fearr dóibh siúd is mó a bhfuil siad ag teastáil uathu:** Cabhraíonn tionscnamh na Conaire Uas-Scilithe le haosaigh íosleibhéal scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus digiteacha a shealbhú, mar aon leis an gcumas oibriú le agus figiúirí a thuiscint, agus oibriú i dtreo cáilíochta a d'fhéadfadh cur lena n-ionchais fostaíochta.

**Fiontraithe beaga a neartú:** Tacaíonn AE le micri-iasachtaí (suas go dtí EUR 25 000) le cabhrú le daoine féinfhostaithe agus micrifhiontair.

**Rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann do dhaoine faoi mhíchumas:** Úsáideann tiománaithe a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu cárta páirceála AE ar fud na hEorpa, mar shampla. Ina theannta sin, ceanglaítear faoi dhlí AE go ndéanann seirbhísí poiblí inneachar ar líne inrochtana do shaoránaigh faoi mhíchumas.

**Bochtaineacht a mhaolú agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn:** Maoiníonn Ciste Sóisialta na hEorpa agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta san Eoraip.

CSE 60 BLIAIN
Infheistiú i ndaoine
**Ciste Sóisialta na hEorpa**

Print: ISBN: 978-92-79-68338-1
doi: 10.2767/508007
KE-01-17-401-GA-C

PDF: ISBN: 978-92-79-68371-8
doi: 10.2767/37876
KE-01-17-401-GA-N

© An tAontas Eorpach, 2017